Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH
AN ROINN COTHABHÁLA BÓITHRE

FOIRM IARRATAIS AR CHEADÚNAS I LEITH BORD AGUS CATHAOIREACHA LASMUIGH D'ÓSTÁN, DE BHIALANN, DE THEACH TÁBHAIRNE NÓ DE BHUNACHAS EILE INA NDÍOLTAR BIA LENA THOMHAILT SAN ÁITREABH



An Nós Imeachta maidir le hIarratas ar Cheadúnas Troscán Sráide

Déileáiltear le hIarratais ar cheadúnais Troscán Sráide faoi na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt, 2001 (arna ndéanamh faoin Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000). Déantar gach ceadúnas a eisiúint faoi réir na Coinníollacha Ginearálta ar cheadúnais troscán sráide (féach leathanaigh thíos). Ina theannta sin, féadfar coinníollacha sonracha a chur i bhfeidhm i leith ceadúnais faoi leith. Eisiatar ceadúnas faoi réir táille iarratais, táille cheadúnais agus muirear spáis ar cíos a bheith íocth agus faoi réir fianaise inghlactha ar chumhdach Árachas Dliteanais Phoiblí ina slánófar Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Sula gcuirfidh an t-iarratasóir iarratas isteach go foirmiúil, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Troscán Sráide, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ag 2222546 nó 2223802 chun coinne a shocrú le haghaidh cruinniú comhairliúcháin ar an láithreán. Is é cuspóir an chruinnithe a bhunú an bhfuil an acmhainn ar an gcosán freastal ar an líon beartaithe de bhoird agus de chathaoireacha etc. agus an troscán sráide atá ann agus áisiúlacht agus sábháilteacht lucht úsáidte bóithre, lena n-áirítear coisithe, á gcur i gcuntas. Is cruinniú comhairleach agus sin amháin a bheidh anseo, agus ní bheidh an cruinniú ina cheangal ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceadúnas a eisiúint.

Ní fhéadfar ceadúnas a dheonú ach amháin do limistéar atá díreach tadhlach leis is an áitreabh atá faoi rialú an iarratasóra.

Tar éis an chruinnithe ar an láithreán ba cheart don iarratasóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1 Fógra a fhoilsiú sa nuachtán go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh. Ní mór an fhaisnéis atá leagtha amach thíos a bheith san fhógra agus ní mór dó a bheith i nuachtán laethúil a scaiptear i mBaile Átha Cliath agus ní mór é a fhoilsiú tráth nach luaithe ná dhá sheachtain roimh dháta taiscthe an iarratais. Ní mór cóip den fhógra a bheith ag gabháil leis an iarratas ar cheadúnas.

2 Fógra Láithreáin a chur in airde agus é leagtha amach mar atá forordaithe(féach leathanach 2 thall) i ndáil le déanamh iarratais. Fágfar an Fógra Láithreáin ar an láithreán lena mbainfidh an t-iarratas ar feadh tréimhse dhá sheachtain ó dháta taiscthe an iarratais. Ní mór don iarratasóir fianaise fhótagrafach a sholáthar leis an iarratas ar cheadúnas go bhfuil an Fógra Láithreáin riachtanach curtha in airde/ann.

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith san fhógra sa nuachtán agus ar an bhfógra láithreáin

(i) ainm an iarratasóra,
(ii) Mionsonraí faoi troscán sráide eile agus faoin líon bord agus cathaoireacha, agus faoi threalamh teagmhasach eile a bheidh le suíomh ar an gcosán poiblí,
(iii) An seoladh lena mbaineann an t-iarratas ar cheadúnas agus
(iv) Achar an limistéir lena mbeidh feidhm ag an gceadúnas, i méadair chearnacha.

Ní mór a lua ar an bhfógra sa nuachtán agus ar an bhfógra láithreáin go bhféadfar an t-iarratas a scrúdú in oifigí an Aonaid Troscán Sráide, An Roinn Cothabhála Bóitre, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 2, Urlár 4, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 agus go bhféadfar tuairimí etc. faoin iarratas ar cheadúnas a chur isteach i scríbhinn chuig an seoladh thuas laistigh de thréimhse 5 seachtaine ó dháta taiscthe an iarratais.

3. Seol ar ais an fhoirm iarratais chomhlánaithe mar aon leis na hiatáin chuig:

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
An tAonad Troscán Sráide,
An Roinn Cothabhála Bóithre
Urlár 4, Bloc 2
Oifigí na Cathrach,
Baile Átha Cliath 8.

Cuir táille cheadúnais de €100 a bheidh neamh-in-aisíoctha isteach léi.

I gcás ina ndeonófar ceadúnas, cuirfear muirear bliantúil spáis sráide ar cíos i bhfeidhm, bunaithe ar an limistéar a bheidh clúdaithe faoin gceadúnas (féach ar an dtábla ar leathanach 8 thíos), as úsáid an chosáin phoiblí. Ina theannta sin, beidh feidhm ag táille cheadúnais de **€**125 in aghaidh na bliana in aghaidh an bhoird. Beidh táillí le híoc sula n-eiseofar ceadúnas.

Ní mór sonraí faoi gach Troscán Sráide eile a bheidh le suíomh ar an gcosán poiblí a chur ar fáil ach ní ghearrfar tuilleadh táillí orthu.

Nótaí:

(a) Ceanglaítear ar an iarratasóir na nithe seo a leanas a chur isteach leis an iarratas:

(i) Fianaise go ndíoltar bia lena thomhailt san áitreabh

(ii) Fianaise gur eisíodh Ceadúnas Deochanna Meisciúla maidir leis an áitreabh, más cuí.

(iii) Mionsonraí na scáthlán atá beartaithe chun an limistéar ceadúnaithe a iamh.

(b) Ní mór na hiarratais go léir a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil (leathanach 6 & 7 den bhileog seo) agus ní mór 4 cinn de líníochtaí de réir scála 1/100 den limistéar atá le ceadúnú a bheith ag gabháil leo ar a dtaispeánfar na nithe seo a leanas:

- Na fóntais/seirbhísí go léir sa limistéar lena n-áirítear cuaillí lampa, mullaird, hiodrant dóiteáin, dúnpholl, seastáin rothar, boscaí bruscair agus na nithe go léir de throscán sráide atá 'in situ', etc. atá suite laistigh de 10 méadar den limistéar beartaithe.

- Toisí an limistéir cheadúnaithe bheartaithe agus suíomh agus toisí na mbord, na gcathaoireacha nó na n-ítimí eile troscáin a bheidh le suíomh laistigh den limistéar agus

- Léarscáil de shuíomh an láithreáin agus grianghraf den áitreabh, agus an fógra láithreáin in áit.

(c). I gcás ina bhfágfar aon cheann de na ceanglais ar lár, féadfar an t-iarratas a mheas mar iarratas neamhbhailí agus féadfar é a sheoladh ar ais chuig an iarratasóir.

(d). Ní mór agóidí/tuairimí i ndáil leis an iarratas a thaisceadh laistigh de chúig seachtaine ó dháta an iarratais.

(e). Féadfaidh an t-iarratasóir nó aon pháirtí leasmhar achomharc i gcoinne an chinnidh Ceadúnas Troscán Sráide a dheonú nó a dhiúltú a dhéanamh chun an Bhoird Phleanála de réir alt 254 [6 (a)] den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tá faisnéis maidir leis an bpróiseas achomhairc le fáil ón mBord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. (Teileafón (01) 8588100 / Suíomh gréasáin: www.pleanala.ie)

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH
IARRATAS AR CHEADÚNAS TROSCÁN SRÁIDE
FÓGRA LÁITHREÁIN

TÁ SÉ I GCEIST AGAM/AGAINN

IARRATAS A DHÉANAMH AR CHEADÚNAS CHUN TROSCÁN SRÁIDE A SHUÍOMH AR AN GCOSÁN POIBLÍ OS COMHAIR AN ÁITRIBH SEO. IS ÉARD A BHEIDH SA TROSCÁN SRÁIDE

_____
_____
_____

FÉADFAR AN T-IARRATAS SEO AR CHEADÚNAS A SCRÚDÚ IDIR NA hUAIREANTA 9.00a.m - 4.30p.m SNA hOIFIGÍ SEO A LEANAS:

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

AN ROINN COTHABHÁLA BÓITHRE

AN tAONAD TROSCÁN SRÁIDE

BLOC 2, URLÁR 4

OIFIGÍ NA CATHRACH

AN CHÉ ADHMAID

BAILE ÁTHA CLIATH 8

FÉADFAR AIGHNEACHT NÓ TUAIRIMÍ I NDÁIL LEIS AN IARRATAS SEO A SHEOLADH I SCRÍBHINN CHUIG COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH AG AN SEOLADH THUAS

SÍNITHE AG:_____

SEOLADH: _____

_____

_____

DÁTA AR CUIREADH AN FÓGRA LÁITHREÁIN IN AIRDE: _____

COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA A BHAINEANN LE CEADÚNAS I NDÁIL LE BOIRD AGUS CATHAOIREACHA A SHUÍOMH LASMUIGH D'ÓSTÁN, DE BHIALANN, DE THEACH TÁBHAIRNE NÓ DE BHUNACHAS EILE INA NDÍOLTAR BIA LENA THOMHAILT SAN ÁITREABH.

1. Ní thagraíonn deonú an cheadúnais seo ach do bhoird agus do chathaoireacha etc. a shuíomh ar chosán poiblí atá díreach tadhlach le maoin an iarratasóra. Ní cheadaítear aon fhógraíocht leis ná earraí a stóráil ná a thaispeáint ar an suíomh.

2. Beidh an t-uaslíon bord agus cathaoireacha lena n-áirítear toisí, agus achar iomlán an spáis sráide atá riachtanach i méadair chearnacha lena n-áirítear fad agus doimhneacht mar a shonrófar sa cheadúnas.

3. Beidh an limistéar ceadúnaithe do bhoird agus do chathaoireacha iata le scáthláin, agus ní mór an dearadh a bheidh air lena n-áirítear an t-ábhar a bheartaítear a úsáid, a bheith ceadaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

4. Taispeánfar cóip den cheadúnas go suntasach ag an bpríomhbhealach isteach taobh amuigh den áitreabh, ionas go mbeidh sí le feiceáil go soiléir ag daoine den phobal agus ag oifigigh ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Measfar go mbeidh an ceadúnas neamhbhailí más rud é go ndéanfar cigireacht agus go bhfaighfear ítimí sa limistéar ceadúnaithe nár deonaíodh ceadúnas ina leith.

5. I gcás ina ndéanfar ceadúnas troscán sráide a dheonú ní ionann é agus ráthaíocht a thabhairt dá dhroim sin go ndéanfar é a athnuachan sna blianta ina dhiaidh sin.

6. Ní fholigfidh an ceadúnaí an limistéar ceadúnaithe.

7. Beidh sé riachtanach iarratas ar cheadúnas nua a chur isteach má athraítear úsáid an limistéir cheadúnaithe.

8. Ní fhéadfar glacadh le deonú ceadúnais troscán sráide mar údarú dul ar aghaidh le tógáil nó le hoibríochtaí eile a bhféadfadh cead Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith riachtanach ina leith faoi aon reachtaíocht eile.

9. Déanfaidh an ceadúnaí an limistéar a úsáidfear le haghaidh bord agus cathaoireacha nó troscán eile a chothabháil i mbail inghlactha ionas nach núis é. Slánóidh sé/sí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcoinne na gcaingne, na n-agraí, na n-éileamh ó aon duine mar gheall ar dhíobháil nó damáiste do dhuine nó do mhaoin de dhroim shuíomh an bhoird agus na gcathaoireacha sin nó throscáin eile ar an gcosán.

10. Ceanglófar ar an gCeadúnaí polasaí Árachais Dliteanais Phoiblí a chur faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena iniúchadh, agus leanúint le polasaí Árachais Dliteanais Phoiblí a chothabháil, ar polasaí é lena ngabhfaidh cumhdach ar íosluach de €6.5 milliún agus ina slánófar Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcoinne éileamh ó thríú páirtithe.

11. (a) Díchuirfear troscán agus ítimí eile láithreach má iarrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é. Ar aon chéim leis sin, forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aici féin téarma an cheadúnais a chealú, a fhionraí nó a athrú aon tráth. Ní thionscnófar aon damáistí ná aon chaillteanas ioncaim faoi aon cheannteideal i gcoinne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as téarmaí na gceadúnas a fhionraí, a chealú ná a athrú.

(b) Ní thabharfar aird ar aon éileamh ar chúiteamh maidir le damáistí nó caillteanais a tharla mar iarmhairt dhíreach nó indíreach ar cheanglais chothabhála aon ghnóthaire reachtúil.

(c) Is ar an gceadúnaí a thitfidh na costais go léir a thabhóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear costas a bheidh ann as aon deisiúchán a dhéanfar ar an mbóthar poiblí agus ar sheirbhísí riachtanacha mar thoradh ar fheidhmiú an cheadúnais. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin a dhéanfaidh an obair ar an mbóthar poiblí/cosán. Déanfaidh an ceadúnaí comhaontú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon deisiúcháin a dhéanfar ar an gcosán nó ar an ród poiblí de bharr an cheadúnais.

(d) Ní fhéadfar poill a dhéanamh sa bhóthar poiblí/cosán gan cead ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

12. Déanfar dul isteach gan bhac agus díreach idir an cosán poiblí agus an bealach isteach chuig an áitreabh a chothabháil gach tráth.

13. Ní chuirfidh na boird agus na cathaoireacha nó ítimí eile de throscán sráide etc. bac ar léargas ag acomhail, bealaí rochtana, etc.

14. Ní úsáidfear aon ghaireas ceoil laistigh den limistéar ceadúnaithe. Agus ní dhéanfar aon cheol srl a sheinm nó a chraoladh laistigh den limistéar ceadúnaithe.

15. Beidh rochtain chun críocha cothabhála ar fáil gach tráth ar threalamh soilsithe phoiblí agus ar na seirbhísí gaolmhara faoi talamh nó lasnairde.

16. Ní bheidh aon cholúin soilsithe phoiblí ná gaireas faoi iamh sa limistéar ceadúnaithe ná ní úsáidfear trealamh soilsithe phoiblí ann i gcomhair tacaí nó forbhaill neamhúdaraithe.

17. Beidh suíomh déanmhas sealadach sa chomharsanacht den chineál is nach méadófar leibhéal guaise threalamh an tsoilsithe phoiblí thar an leibhéal a thaithítear de ghnáth sa timpeallacht sráide.

18. Ní bhreithneofar trealamh soilsithe phoiblí i gcomharsanacht na struchtúir shealadacha atá molta a dhíchur ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Sna himthosca sin, is é nó í an t-iarratasóir ar cheadúnas a iompróidh costas iomlán an díchuir agus an athshuímh.

19. Beidh rochtain gach tráth ar chláir uile na bpríomhphíopaí uisce, ar dhúnphoill séaraigh agus ar na pointí rochtana don tseirbhís le haghaidh na bhfóntas.

20. Ní shuífear aon bhord ná aon chathaoir ná aon ítim eile de throscán sráide os cionn hiodrant dóiteáin.

21. I gcás ina mbeidh deoch mheisciúil á riar sa limistéar a bheidh clúdaithe faoin gceadúnas seo ní mór don cheadúnaí ceanglais na nAchtanna Deochanna Meisciúla a chomhlíonadh freisin. Tarraingítear aird an Cheadúnaí freisin ar na Fodhlíthe Deochanna Meisciúla de chuid Bhardas Bhaile Átha Cliath, Iúil 2000, faoina dtoirmisctear deoch mheisciúil a thomhailt in áiteanna poiblí. Más rud é gur ann do mhainneachtain forálacha an Achta agus na bhFodhlíthe a chomhlíonadh féadfaidh sé gurb é an toradh a bheidh air go dtarraingeofar siar an Ceadúnas Troscán Sráide.

22. Féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an limistéar ceadúnaithe a laghdú in aon chás ar leith, más rud é gur gá an spás áitithe ar mhaithe le sábháilteacht an phobail chun ócáid a éascú i gcúrsa na tréimhse ceadúnais.

23. Beidh na boird agus na cathaoireacha nó troscán eile foirgnithe go daingean agus go cobhsaí ionas nach mbogfaidh siad in aimsir ghaofar.

24. Beidh scáthláin de réir mar a chomhaontóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas;

- Beidh na scáthláin déanta de chanbhás gan phátrún, daite nó neodrach, gan a bheith níos airde ná 1 méadar ar airde, agus a réise idir cuaillí simplí miotail nó iad i bhfráma de chuaillí simplí miotail.
- Beidh na scáthláin le monarú as ábhar lasairmhoillitheach/tinemhoillitheach.
- Ní mór nach sínfidh plátaí boinn nó boinn thromaithe chuaillí na scáthlán amach thar an limistéar ceadúnaithe.
- Ní mór gach scáthlán, cuaille agus bonn a bheith in-díshuite.
- Ní mór do scáthláin a bheith sách daingean ionas nach n-iompóidh siad droim ar ais in aimsir ghaofar.
- Ní bhainfear leas as aon fhógraíocht seachas ainm an áitribh ar na scáthláin, gan cead Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

25. Ní mór dath agus méid na lógónna, na litreoireachta agus na n-ainmneacha a chuirfear ar na scáthláin, ar threalamh teagmhasach etc. a bheith ceadaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

26. Ní fhéadfar leas a bhaint as scáthbhrait taoibh nó tosaigh chun an limistéar ceadúnaithe a chlúdach ach amháin i gcás cead pleanála a bheith deonaithe.

27. Beidh fearais téimh faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas;

- Ní bhainfear leas as aon téitheoirí gan cead i scríbhinn ón bPríomh-Oifigeach Dóiteáin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Ní mór fearais téimh agus suíocháin a shuíomh ionas nach mbeidh siad ina mbac ar bhealaí éalaithe.
- Ní mór sorcóirí G.P.L a stóráil de réir na moltaí atá i C.É. 3213: 1987, an Cód Cleachtais maidir le Sorcóirí agus Cartúis G.P.L a stóráil.
- Ní mór an marc CE a bheith ar na fearais téimh go léir agus ní mór gur suiteálaí inniúil a dhéanfadh iad a shuiteáil, go ndéanfaí iad a chothabháil agus a úsáid de réir cheanglais an mhonaróra agus dá réir sin amháin.

28. Ní mór an glanadh cosáin mar a shonrófar ar an gceadúnas a chothabháil chun tosaigh an limistéir cheadúnaithe gach tráth. Sainmhínítear le *'glanadh cosáin'* an t-achar idir ciumhais thosaigh limistéir incheadúnaithe agus ciumhais an chosáin nó an chiumhais istigh d'aon ghnéithe de throscán sráide, mullaird, colúin etc., cibé áit is ann dóibh.

29. Ní fhéadfar Troscán Sráide a shuíomh ar an tsráid ach amháin idir na hamanna a shonrófar ar an gceadúnas agus bainfear an troscán sráide ach amháin i gcásanna ina bhfuil cead scríofa faighte ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tráth nach déanaí ná 10:00 p.m laethúil.

Tábla A

Muirear Bliantúil Spáis ar Cíos in aghaidh an Mhéadair Chearnaigh

Crios Taraifí*	Achar faoi 4m^2	Achar os cionn 4m^2
	€	€
Sráid sa Lár do Choisithe amháin	200	500
Limistéir Bhuí nach do Choisithe iad		
Crios Taraifí Buí	200	400
Limistéir i gCrios Taraifí Dearg	200	300
Limistéir Eile	200	200

**** Féadfaidh iarratasóirí an crios taraifí a oibriú amach as an léarscáil atá ar an gcéad leathanach eile.**


RIVER LIFFEY
CUSTOM HOUSE QUAY
NORTH WALL QUAY
SIR JOHN ROGERSON'S QUAY
HANOVER QUAY
CHARLOTTE QUAY
RINGSEND ROAD
PEARSE STREET
TRINITY COLLEGE
NASSAU ST
LEINSTER HO
MANSION HO
UNIVERSITY COLLEGE
HATCH STREET
PEMBROKE
BALLSBRIDGE
GROVE ROAD
CANAL RD
PORTOBELLO RD
CATHAL BRUGHA BARRACKS
Greyhound Race Track
Beggar's Bush Buildings
DAME STREET
WELLINGTON QY
ASTON QY
EDEN QY
BURGH QY
PARNELL STREET
O'CONNELL STREET
HENRY STREET
ABBEY ST MIDDLE
ABBEY ST UPPER
STRAND ST GT
ORMOND QY LR
BACHELORS WALK
ORMOND QY UPR
WOOD QY
ESSEX QY
ESSEX ST E
TEMPLE BAR
FLEET ST
WESTMORELAND
COLLEGE GN
CUFFE ST
LEESON ST
FITZWILLIAM LANE
BAGGOT
PEMBROKE LANE
WELLINGTON LANE
CLYDE LANE
BATH AVENUE
SHERIFF STREET U
MAYOR ST LR
MAYOR ST UPPER
CASTLE ST
CHURCH ST
GRAFTON ST
DUKE ST
MOLESWORTH ST
KEVIN ST
LONG LANE
LOMBARD ST W
OYSCA RD
VINCENT
CIRCULAR ROAD
HARCOURT ST
ADELAIDE ROAD
CHARLEMONT RD
WINDSOR TER
Hospital
Sch
Hosp
Coll
Conv
Home
Cath
Lands
Rugb

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
An Roinn Cothabhála Bóithre
An tAonad Troscán Sráide
Bloc 2, Urlár 4,
Oifigí na Cathrach, Baile Átha Cliath 8.
Fón: 2222464 Facs: 2222299
Suíomh Gréasáin: www.dublincity.ie

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (Alt 254)
NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 (Airteagal 201)

FOIRM IARRATAIS AR CHEADÚNAS I NDÁIL LE BOIRD AGUS CATHAOIREACHA A SHUÍOMH LASMUIGH D'ÓSTÁN, DE BHIALANN, DE THEACH TÁBHAIRNE NÓ DE BHUNACHAS EILE INA NDÍOLTAR BIA LENA THOMHAILT SAN ÁITREABH, AR SHRÁID UÍ CHONAILL AMHÁIN.

NÁ hÚSÁID ACH CEANNLITREACHA NUAIR A BHEIDH AN FHOIRM Á LÍONADH AGAT

1	Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an Iarratasóra (An príomhiarratasóir, ní Gníomhaire).	Fón: _____ Fón Póca: _____
2	Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an duine nó an comhlacht atá freagrach as ullmhú na líníochtaí agus an iarratais a chur isteach.	Fón: _____ Fón Póca: _____
3	Spás sráide an limistéir cheadúnais bheartaithe Líon bord/cathaoireacha Cur síos ar an scáthlán/na scáthláin chanbháis/gcanbhás a bheidh le húsáid Uaireanta feidhmithe beartaithe	Fad _____**M** Leithead_____ **M** Achar Iomlán _____**Méadar**^{2} Líon Bord _____ Líon Cathaoireacha _____ Toisí Boird _____ ó _____ a chlog… go _____ a chlog
4	Luaigh leas dlíthiúil an iarratasóra san áitreabh (i.e. leas ruílse, leas léasach etc.)	
5	Ainm agus Uimhir an Pholasaí Árachais Dáta Éaga	

Doiciméid atá le cur faoi iamh leis an Iarratas seo

(1) **4 Cinn** de líníochtaí de réir scála 1/100. (Tá na hítimí uile de throscán sráide atá in situ le taispeáint air e.g. boscaí bruscair, bothanna/uaithní, colúin soilsithe phoiblí, caibinéid teileachumarsáide, lintéir dhromchla, seastáin rothar, hiodraint dóiteáin etc. laistigh de 50 méadar den limistéar beartaithe). Cuir sonraíochtaí na mbord agus na gcathaoireacha atá beartaithe isteach leis freisin.

(2) **4 Cinn** de ghrianghraif den áitreabh agus an fógra láithreáin in áit.

(3) **4 Cinn** de chóipeanna den fhógra nuachtáin

(4) **Táille iarratais**

I gcás ina bhfágfar aon cheann de na doiciméid seo ar lár, féadfar an t-iarratas a mheas mar iarratas neamhbhailí agus féadfar é a sheoladh ar ais chuig an iarratasóir.

DEARBHÚ

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis uile seo thuas ceart. Tá a fhios agam i gcás ina ndeonófar ceadúnas nach mbeidh mé díolmhaithe ó fhorálacha aon reachtaíochta eile.

Tá a fhios agam go mbeidh na Scáthláin de réir mar a chomhaontóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas;

- **Beidh na scáthláin déanta de chanbhás gan phátrún, daite nó neodrach, gan a bheith níos airde ná 1 méadar ar airde,**
  agus a réise idir cuaillí simplí miotail nó iad i bhfráma de chuaillí simplí miotail.
- **<u>Ní bhainfear leas as aon fhógraíocht</u> seachas ainm an áitribh ar na scáthláin, gan cead Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.**

Tuigim agus glacaim leis nach ndéanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath scáthláin sholadacha ná scáthláin ar a mbíonn fógraí ar taispeáint a cheadúnú. Féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath scáthláin den sórt a dhíchur agus a dhiúscairt gan a thuilleadh fógra a thabhairt.

Tá a fhios agam nach gceadaítear **<u>cláir fógraíochta</u>** ar an gcosán poiblí aon tráth agus go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad a dhíchur.

Tugadh fógra dom go bhféadfaí an ceadúnas seo a fhionraí nó a chúlghairm dá ndéanfaí Coinníollacha an cheadúnais seo a shárú.

Comhaontaím cloí leis na coinníollacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le ceadúnais troscán sráide agus le haon choinníollacha sonracha, a fhéadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur ag gabháil leis an gceadúnas.

Comhaontaím an táille cheadúnais agus an muirear spáis ar cíos, arna ríomh thuas, a íoc laistigh de dhá sheachtain ó fhógra ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtaobh cinneadh ceadúnas a dheonú.

Síniú an Iarratasóra: _____

Dáta : **_____**